# Aighneacht Chonradh na Gaeilge

# don

# Chomhairliúchán Poiblí ar Mheasúnú Rioscaí Náisiúnta 2023

Feabhra 2023

## CÚLRA

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Comhairliúchán Poiblí ar Mheasúnú Rioscaí Náisiúnta 2023.

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann agus timpeall na cruinne. Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann. Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge. Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

## INTREOIR

Tacaíonn Conradh na Gaeilge go láidir leis an gcoincheap atá mar bhunús den Mheasúnú Riosca Náisiúnta. Creideann muid go bhfuil sé tábhachtach próiseas intomhaiste náisiúnta a bheith ann chun teacht roimh rioscaí atá inaitheanta, agus mar thoradh ar sin, a chinntiú go nglacfar cinntí agus go gcuirfear cuir chuige i bhfeidhm le cinntiú go mbainfear an dochar as na rioscaí sin.

## RIOSCAÍ SA BHREIS

Mar aon leis an liosta rioscaí atá aitheanta i ndréachtcháipéis an Rialtais, molann Conradh na Gaeilge na rioscaí seo a leanas a chur leis an liosta de na 'Rioscaí Sochaíocha.'

- **Riosca 1: Géarchéim teanga na Gaeltachta:** Go gcaillfear ceantair Ghaeltachta na tíre mar cheantair ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt mar ghnáth-theanga phobail
- **Riosca 2: Géarchéim na Gaeilge sa chórais oideachais:** Go nglacfar tuilleadh cinntí a dhéanfaidh an córas reatha níos lochtaí fós, chun aimhleas na ndaltaí.

## FAISNÉIS A LÉIRÍONN NA RIOSCAÍ SEO:

**Riosca 1: Géarchéim teanga na Gaeltachta**

- De réir fhigiúirí Dhaonáireamh na bliana 2016[1] bhí 20,586 cainteoir laethúil Ghaeilge, lasmuigh den chóras oideachais, ina chónaí sna ceantair aitheanta Ghaeltachta. B'ionann é seo agus titim 11.2% ar líon na gcainteoirí laethúil i ndaonáireamh na bliana 2011 (23,175).

- Tá eolas cuimsitheach ar leochaileacht na gceantar Gaeltachta ar fáil sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* a d'ullmhaigh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann Gaillimh, i gcomhar leis an Institiúid Náisiúnta

---

[1] https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cp10esil/p10esil/gag/

um Anailís Réigiúnach agus Spásúil Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta sa bhliain 2007.[2]

- Tá an leochaileacht seo treisithe sa staidéar, *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006 –2011*[3] , a rinne Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i gcomhar leis an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil Ollscoil na hÉireann, Má Nuad i 2015 d'Údarás na Gaeltachta.

- Tá forbairt réimse leathan fostaíochta agus tionscadal lárnach san obair chun pobal inmharthanach a chothú sa Ghaeltacht, obair atá mar chúram ag Údarás na Gaeltachta. Tá cumas an Údaráis chun an obair seo a chur i gcrích srianta go mór de bharr easpa maoinithe, mar atá léirithe sa cháipéis *Plean Infheistíochta don Ghaeltacht agus don Ghaeltacht 2024 - 2029*.[4]

**Riosca 2 – Géarchéim na Gaeilge sa chóras oideachais**

- **Dréacht-Sonraíochtaí T1/T2:** D'eisigh an CNCM dréacht-sonraíochtaí T1/T2 i Mí Feabhra 2021, nach bhfreastalaíonn ar riachtanais na ndaltaí ná na sochaí. Bhí na dréacht-sonraíochtaí seo (nach bhfuil iontu ach snáitheanna agus torthaí foghlama, agus a bhí scríofa i bhfoclaíocht theicniúil, chasta) easnamhach amach is amach. Níor réitigh siad le dea-chleachtas idirnáisiúnta do dhearadh sonraíochtaí, go háirithe sonraíochtaí a ndéantar measúnú agus teastasú seachtrach orthu.

- **Páipéar 1 Gaeilge na hArdteiste á bhogadh go deireadh bhliain a cúig:** Tá cuid mhór i ngeall leis an Ardteist do dhaltaí, agus níor cheart aon athruithe bunúsacha do na sonraíochtaí a dhéanamh gan machnamh dáiríre a thabhairt don bhunús acadúil taobh thiar den athrú, agus a impleachtaí don mhúineadh ranga. Níl sé oiriúnach measúnú na scileanna teanga éagsúla (léitheoireacht, scríbhneoireacht, labhairt, éisteacht) a dheighilt óna chéile go saorga idir an bhliain leathdheireanach agus an bhliain dheireanach den tsraith shinsearach mar atá beartaithe - déantar na scileanna seo a fhorbairt i gcomhar lena chéile.

- **Díolúintí ó staidéar na Gaeilge:** Sa scoilbhliain 2021-2022, bhí díolúine ón nGaeilge ag 41,158 dalta iarbhunscoile, ionann agus 11% de na daltaí ar fad sa chóras.[5] Níl a leithéid ann agus díolúine ó ábhar ar bith eile sa chóras oideachais. Leis an gcóras reatha, dáiltear díolúine ar dhaltaí seachas iarracht a dhéanamh freastal ar aon riachtanais bhreise a bheadh ag an dalta sin. Mar thoradh, bainfear deiseanna saoil ó na daltaí sin toisc nach mbíonn aon teagasc Gaeilge acu.

---

[2] https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2017/06/Staide%CC%81ar-Cuimsitheach-Teangeolai%CC%81och.pdf

[3] https://www.udaras.ie/assets/uploads/2020/11/002910_Udaras_NuashonruI%C2%81_FULL_report_A4_FA.pdf

[4] https://www.cnag.ie/images/28SA2022_PleanInfheisti%CC%81ochta_Dre%CC%81acht.pdf

[5] https://tuairisc.ie/teanga-eile-a-staidear-ag-formhor-na-ndaltai-iarbhunscoile-a-fuair-dioluine-on-ngaeilge-de-bharr-deacrachtai-foghlama/

## MOLTAÍ

Molann Conradh na Gaeilge an tsraith gnímh seo leanas do Roinn an Taoisigh bunaithe ar an riosca don Ghaeltacht agus an riosca don Ghaeilge sa chóras oideachais atá aitheanta againn:

**An Ghaeltacht:**

- Buiséad chaipiteal Údarás na Gaeltachta a mhéadú go €25 milliún faoin bhliain 2026
- Breis maoiniú a chur ar fáil don phróiseas pleanála teanga Ghaeltachta chun cur ar chumas na gCoistí Pleanála Teanga a bpleananna teanga a chur i gcrích ina iomláine
- Treoirlínte Pleanála don Ghaeltacht a fhoilsiú chomh luaithe agus gur féidir agus iad a chur i bhfeidhm láithreach
- *Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021* a chomhlíonadh agus cinntiú go mbeidh gach seirbhís Stáit á cur ar fáil trí Ghaeilge sa Ghaeltacht a luaithe agus gur féidir

**An Córas Oideachais:**

- **Molaimid go láidir nár cheart dul ar aghaidh leis an gcinneadh chun Páipéar 1 do Ghaeilge san Ardteistiméireacht a bhogadh go deireadh bhliain a cúig.**
- **Go mbeidh cur chuige iomlánaíoch i leith churaclaim agus measúnaithe mar chuid de pholasaí comhtháite agus comhleanúnach don Ghaeilge sa chóras oideachais ón oideachas luath-óige go dtí an tríú leibhéal.** Caithfidh go mbeidh radharc an mhórphictiúir, agus radharc comhtháite ag creat polasaí d'oideachas Gaeilge agus go leagfadh an polasaí fís chomhleanúnach amach do mhúineadh, d'fhoghlaim agus do mheasúnú na Gaeilge ag gach céim den chóras oideachais. Caithfidh polasaí dá leithéid a chinntiú go mbeidh aon athruithe nó forbairtí a dhéanfar maidir le curaclam agus measúnú na Gaeilge ailínithe go comhleanúnach leis an mórfhís fhadtéarmach, seachas forbairtí a dhéanamh ceann ar cheann, neamhspleách ar a chéile. Ba cheart go mbainfeadh an polasaí seo leas as Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR) chun tacú le trédhearcacht, leanúnachas agus dul chun cinn I bhfoghlaim na Gaeilge ó gach céim den chóras oideachais go dtí an chéad chéim eile
- **Ba cheart go mbunófar polasaí don oideachas Gaeilge ar oideachas ionchuimsitheach a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaltaí, agus nach spreagann / éascaíonn eisiamh.** Is croí-phrionsabal de chur chuige an CEFR i leith fhoghlaim agus measúnú teanga é aitheantas a thabhairt do pháirt-chumais agus próifílí inniúlachta míchothroma na bhfoghlaimeoirí sna scileanna teanga. D'fhéadfadh cur chuige bunaithe ar an CEFR deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí le riachtanais bhreise litearthachta díriú ar scileanna cumarsáide labhartha sa Ghaeilge, agus aitheantas agus teastasú a bhaint amach do na scileanna sin - rud a thabharfadh rochtain dóibh ar fhoghlaim na Gaeilge de réir a gcuid riachtanas agus cumas.
- **Go méadófar an líon daltaí ag freastail ar an Oideachas lán-Ghaeilge ó 6.7% go 20% sna 20 bliain amach romhainn.** Tagann an sprioc 20% atá molta anseo leis an sprioc earcaíochta in *Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021*, go mbeidh 20% ar a laghad d'earcaithe nua san earnáil phoiblí inniúil ar an nGaeilge faoi dheireadh 2030.